Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

13493/25
PV CONS 47
COMPET 958
IND 396
MI 726
RECH 423
ESPACE 63
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás))

29 agus 30 Meán Fómhair 2025

**CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 29 MEÁN FÓMHAIR 2025 (9.30)**

**1. An clár oibre a ghlacadh**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 12940/25. Arna iarraidh sin don Ghearmáin, don Fhrainc agus don Iodáil, chomhaontaigh an Chomhairle mír 'aon ghnó eile' a chur leis an gclár i seisiún poiblí maidir leis an bhfógra ón gCoimisiún i ndáil leis an nGníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch. Arna iarraidh sin don Choimisiún, chomhaontaigh an Chomhairle mír eile 'aon ghnó eile' a chur le Tuarascáil Bhliantúil 2025 ar Dhul Chun Cinn maidir le Simpliú, Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú, i seisiún poiblí.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 13120/25

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n- áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.
Leagtar amach na ráitis maidir leis na míreanna sin san Aguisín.

**(b) Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** 13121/25

**Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

**1. Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a mhéid a bhaineann le timthriall socraíochta níos giorra san Aontas** ❶C 12840/25 PE-CONS 23/25 EF

*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 24.9.2025

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

**Gnóthaí Ginearálta**

2. **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/956 a mhéid a bhaineann le simpliú agus neartú an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha** ❶C 12818/25 PE-CONS 21/25 SIMPL
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 24.9.2025

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE).

**Ceartas agus Gnóthaí Baile**

3. **Rialachán lena leasaítear Airteagal 80(9) de Rialachán Eurojust (AE) 2018/1727** ❶C 12846/25 PE-CONS 33/25 COPEN
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 24.9.2025

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 85 CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg ná Éire páirt sa vótáil.

4. **Rialachán maidir le himeachtaí dócmhainneachta chun Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis a ionadú** ❶C 12845/25 PE-CONS 30/25 JUSTCIV
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 24.9.2025

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 81(2), pointí (a), (c) agus (f) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg páirt sa vótáil.

**Fostaíocht agus Beartas Sóisialta**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5.** | **Rialachán maidir le staidreamh Eorpach i ndáil le daonra agus tithíocht**<br>***An seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh***<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 24.9.2025 | ❶C | 12843/1/25 REV 1<br>+ 12843/25 ADD 1<br>9858/25<br>**+ COR 1 (hr)**<br>+ ADD 1 REV 1<br>SOC |

Ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle, agus an Bheilg, an Iodáil agus an Fhionlainn ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 338(1) CFAE).

Leagtar amach na ráitis maidir leis an mír sin san Iarscríbhinn.

**Iompar**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **6.** | **Treoir maidir le ceadúnais tiomána, lena leasaítear Treoir (AE) 2022/2561, Rialachán (AE) 2018/1724 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/126/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 383/2012**<br>*An Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 24.9.2025 | ❶C | 12678/25 + ADD 1<br>8353/25<br>+ ADD 1 REV 1<br>TRANS |

Ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle, agus an Chróit agus Málta ag vótáil ina choinne agus an Bhulgáir agus an Ostair ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 91(1) CFAE).

Leagtar amach na ráitis maidir leis an mír sin san Iarscríbhinn.

7. **Treoir maidir le dícháiliúcháin tiomána** ❶C 12679/25
*An seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 24.9.2025

8351/25
**+ COR 1 (fr)**
+ ADD 1
TRANS

Ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle, agus an Ostair ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 91(1), pointe (c) CFAE).

8. **Rialachán maidir le cearta aerphaisinéirí** ❶C 12909/25 + ADD 1
*An seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 24.9.2025

10015/25
**+ COR 1 (fi)**
**+ COR 2 (nl)**
+ ADD 1
**+ ADD 1 COR 2 (es)**
**+ ADD 1 COR 3 (fi)**
AVIATION

Ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle, agus an Ghearmáin, an Spáinn, an Phortaingéil agus an tSlóivéin ag vótáil ina choinne an Eastóin agus an Ostair ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 100(2) CFAE).

Leagtar amach na ráitis maidir leis an mír sin san Iarscríbhinn.

**An Comhshaol**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **9.** | **An Dlí maidir le Faireachán Ithreach**<br>*An seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 24.9.2025 | ❶C | 12910/1/25 REV 1<br>12910/25 ADD 1 REV 1<br>9474/25 + COR 1 + ADD 1<br>ENV |

Ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle, agus an Ghearmáin ag vótáil ina choinne agus an Ostair ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE).

Leagtar amach na ráitis maidir leis an mír sin san Iarscríbhinn.

AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS AN TIONSCLAÍOCHT

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3.** | **An Ciste Iomaíochais**<br>*Cur i láthair ón gCoimisiún*<br>*Díospóireacht bheartais* | ❶C | 12723/25 |

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair ón gCoimisiún agus bhí díospóireacht bheartais ann.

**Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha**

| | | |
|---|---|---|
| 4. | Simpliú, lena n-áirítear Tuarascáil Bhliantúil 2025 ar Dhul Chun Cinn maidir le Simpliú, Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú — dul chun cinn i dtreo ualaí ar ghnólachtaí a laghdú 25 %<br>*Cur i láthair ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*<br>*Seisiún tuairimíochta* | 12704/25<br>+ COR 1 REV 1 |

**Aon ghnó eile**

5. (a) **Deireadh a chur le srianta gan údar le soláthar críochach** — 13010/1/25 REV 1
*Faisnéis ón Ostair, ón mBeilg, ón tSeicia, ón gCróit, ón nGréig, ó Lucsamburg, ón Ísiltír agus ón tSlóivéin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ostair, an Bheilg, an tSeicia, an Chróit, an Ghréig, Lucsamburg, an Ísiltír agus an tSlóivéin ar fáil.

(b) **Dearbhú ón gComhghuaillíocht maidir le Leathsheoltóirí lena n-iarrtar go ndéanfaí leagan athbhreithnithe den Ghníomh Eorpach um Shliseanna chun an seasamh ón Eoraip i dtionscal domhanda na leathsheoltóirí a neartú agus a athbheochan** — 12898/25
*Faisnéis ón Ísiltír thar ceann na mBallstát uile*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ísiltír ar fáil thar ceann na mBallstát uile.

(c) **An tríú hIdirphlé Straitéiseach le Tionscal Mótarfheithiclí na hEorpa (an Bhruiséil, an 12 Meán Fómhair 2025)** — 13007/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

(d) **Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

(i) **Staid na himeartha maidir leis na pacáistí Omnibus** — 6595/25; 6596/25; 9317/1/25 REV 1 (en); 9318/25 + ADD 1; 9327/25 + ADD 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

(ii) **Sprioc aeráide 2040 a thabhairt chun réitigh le hiomaíochas tionsclaíoch na hEorpa** 13193/25
*Faisnéis ón bhFrainc*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc ar fáil.

(e) **Páipéar Leathoifigiúil Comhpháirteach Tríthaobhach ón nGearmáin, ón bhFrainc agus ón Iodáil maidir leis an bhfógra ón gCoimisiún faoin nGníomh um Dhlús a chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch** **13273/25**
*Faisnéis ón nGearmáin, ón bhFrainc agus ón Iodáil*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin, an Fhrainc agus an Iodáil ar fáil.

**<u>CRUINNIÚ DÉ MÁIRT, AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2025 (9.30)</u>**

<u>TAIGHDE</u>

**<u>Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha</u>**

6. **Conclúidí maidir leis an tábhacht a bhaineann le taighde agus nuálaíocht le haghaidh Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú** [2] 12821/25
*Formheas*

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> téacs na gconclúidí mar a leagtar amach sna doiciméid thuasluaite iad.

7. **Conclúidí maidir le hiarraidh ar ghníomhaíocht i ndáil leis na heolaíochtaí beatha ar mhaithe le hiomaíochas an Aontais** [2] 12838/25
*Formheas*

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> téacs na gconclúidí mar a leagtar amach sna doiciméid thuasluaite iad.

**<u>Plé reachtach</u>**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

8. **An Pacáiste Fís Eorpach: Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht 2028-2034** 12800/25

   a) **An Clár Réime agus a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh** [1][C]

   b) **Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach** [S][C]

*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais <u>ag an gComhairle</u>.

**Aon ghnó eile**

9. (a) **Straitéis Eorpach maidir le bonneagair thaighde agus theicneolaíochta** [2] 12895/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

(b) **Tuarascáil bhliantúil 2025 ar dhul chun cinn maidir le simpliú, cur chun feidhme agus forfheidhmiú** [2] **13280/25**
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

---

❶ An chéad léamh

[S] Nós imeachta reachtach speisialta

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 13121/25**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 5 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le staidreamh Eorpach i ndáil le daonra agus tithíocht**<br>*An seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Tacaíonn Poblacht na Bulgáire le breisluach an Rialacháin maidir le staidreamh Eorpach i ndáil leis an daonra agus i ndáil le tithíocht chun comhchreat dlíthiúil a bhunú chun staidreamh Eorpach i ndáil leis an daonra agus i ndáil le tithíocht a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh agus maidir le staidreamh sóisialta a nuachóiriú, d'fhonn tacaíocht níos fearr a thabhairt do bheartais an Aontais a bhaineann leis an athrú déimeagrafach, an comhtháthú sóisialta agus an fhorbairt inbhuanaithe.

Is mór an tábhacht, dar le Poblacht na Bulgáire, a bhaineann le cearta bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint, agus is cuid thábhachtach de sin é an comhionannas idir mná agus fir. Táimid agus leanfaimid de bheith tiomanta do phrionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, mar a chumhdaítear sna Conarthaí.

I ndáil leis an méid sin, tugann an Bhulgáir dá haire cinneadh 2018 ó Chúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire, ina luaitear go gcuirtear chun cinn le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla a bhaineann le coincheap inscne nach bhfuil ag luí le príomhphrionsabail Bhunreacht Phoblacht na Bulgáire.

In 2021, shoiléirigh an Chúirt Bhunreachtúil gur cheart, i gcomhthéacs an dlíchórais náisiúnta, an téarma 'gnéas' a úsáidtear sa Bhunreacht a úsáid ina chiall bhitheolaíoch (fir agus mná) agus sa chiall sin amháin. I gcomhréir leis na cinntí sin, dearbhaíonn Poblacht na Bulgáire nach féidir léi glacadh le coincheapa arb é is aidhm dóibh idirdhealú a dhéanamh idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (fir agus mná) agus 'inscne' mar thógán shóisialta agus nach ndéanfaidh sí úsáid an téarma 'inscne' sa Rialachán a léiriú ach amháin ina ciall bhitheolaíoch.

Ar deireadh, i dtéacs an Rialacháin, ní ghlacfaidh Poblacht na Bulgáire ach le haistriú an téarma 'inscne' go Bulgáiris mar 'gnéas' ('пол' sa Bhulgáiris).'

**RÁITEAS ÓN tSEICIA**

‘Tacaíonn Poblacht na Seice le prionsabail ghinearálta an staidrimh Eorpaigh i ndáil leis an daonra agus i ndáil le tithíocht agus is díol sásaimh di roinnt gnéithe den téacs comhréitigh. Ach tá an mhoill atá ar dheireadh an phróisis caibidlíochta ag imirt tionchar díobhálach air sin.

Tá Poblacht na Seice suite de go fóill go bhfuil fadhbanna ag baint leis an bhfoclaíocht atá beartaithe d’Airteagail 3, 5 agus 11 maidir lena gcur chun feidhme amach anseo i gcleachtas staidrimh.

Is é príomhábhar imní Phoblacht na Seice sainmhíniú ar dhaonra agus samhaltú ar chuid neamhchláraithe den daonra a chur i bhfeidhm gan aon fhoinse sonraí iontaofa. Tá sé ríthábhachtach úsáid a bhaint as foinsí sonraí riaracháin atá dírithe ar chlár daonra chun staidreamh tráthúil a tháirgeadh i gcomhréir leis na caighdeáin cháilíochta le haghaidh staidreamh oifigiúil Eorpach. Ní féidir na spriocdhátaí dúshlánacha chun sonraí a sholáthar a shonraítear san iarscríbhinn a ghabhann leis an rialachán seo a bhaint amach ach amháin más féidir iad sin a bhunú ar fhoinsí sonraí riaracháin atá fónta agus cuimsitheach.’

Tá Poblacht na Seice den tuairim nach ndéantar an choimirce lena dteorannaítear raon feidhme an Rialacháin seo agus lena socraítear a caidreamh le Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, a fhoirmliú sa téacs comhréitigh deiridh ach amháin i ndáil le hábhar reatha na sonraí arna mbailiú faoin Rialachán seo agus ní, go ginearálta, i ndáil le sonraí arna mbailiú bunaithe ar shamplaí de dhaoine agus de theaghlaigh. D’fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú ar an ualach ar na Ballstáit agus ar fhreagróirí amach anseo mar thoradh air sin.

Maidir le bailiúcháin *ad hoc* sonraí faoi Airteagal 5, creideann Poblacht na Seice nach gcuirfidh siad ualach urghnách ar na Ballstáit agus go ndíreoidh siad ar úsáid foinsí sonraí riaracháin atá ann cheana, agus air sin amháin.

Is féidir le Poblacht na Seice tacú leis an téacs comhréitigh deiridh ach le forchoimeádais áirithe a luaitear thuas.’

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léirmhíníonn an Ungáir an coincheap 'inscne' mar thagairt do 'gnéas' agus léirmhíníonn sí an coincheap 'comhionannas inscne' mar 'deiseanna agus comhdheiseanna a chur ar fáil do mhná agus d'fhir' sa *Dréacht-Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Eorpach i ndáil leis an daonra agus i ndáil le tithíocht, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013*.'

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 6 ar liosta na míreanna 'A':</u>** | **Treoir maidir le ceadúnais tiomána, lena leasaítear Treoir (AE) 2022/2561, Rialachán (AE) 2018/1724 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/126/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 383/2012**<br>*An seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh* |

**RÁITEAS ÓN gCRÓIT**

'Athdhearbhaíonn Poblacht na Cróite a thábhachtaí atá 3 phríomhghné a bhfuil sé d'aidhm ag an Treoir iad a chur san áireamh: feabhas a chur ar an tsábháilteacht ar bhóithre, simplíocht an chur i bhfeidhm agus an creat ginearálta.

Ag an am céanna, ba cheart imthosca náisiúnta a mheas agus ba cheart na dea-chleachtais atá ann faoi láthair ar an leibhéal náisiúnta a chaomhnú, agus ardleibhéal sábháilteachta ar bhóithre á áirithiú ag an am céanna.

Ní raibh Poblacht na Cróite in ann tacú leis na gnéithe seo a leanas den téacs atá beartaithe:

1. Airteagal 17, lena dtugtar isteach an oibleagáid ar na Ballstáit ceadúnais tiomána do chatagóirí B agus C a eisiúint d'iarratasóirí atá 17 mbliana d'aois (le cód AE 98.02) faoi scéim tiomána tionlactha.

    Le tiomáint ag 17 mbliana d'aois, fiú faoi mhaoirseacht, laghdaítear an tairseach aoise íosta atá i bhfeidhm faoi láthair sa Chróit agus cruthaítear dúshláin shuntasacha maidir le forfheidhmiú an dlí, rialú agus an tsábháilteacht ar bhóithre. Dá bhrí sin, ba cheart tabhairt isteach na scéime sin a bheith roghnach fós, ós rud é go bhfuil dlúthbhaint aici le dálaí tráchta náisiúnta, le beartais sábháilteachta atá ann cheana agus le hacmhainneachtaí forfheidhmiúcháin.

Chomh maith le hábhair imní sábháilteachta, chuirfeadh cur chun feidhme an chórais seo ualaí suntasacha riaracháin agus airgeadais ar údaráis inniúla. Bheadh faireachán ar chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir le tiomáint thionlactha (incháilitheacht daoine tionlacain, teorainneacha ar thiomáint, nósanna imeachta aitheantais) casta, dian ar acmhainní agus deacair a fhorfheidhmiú go héifeachtach sa chleachtas.

Dá bhrí sin, is cúis imní dúinn go bhféadfadh cur chun feidhme éigeantach na scéime tiomána tionlactha tionchar diúltach a imirt ar shábháilteacht ar bhóithre, costais riaracháin dhíréireacha a chruthú agus iarmhairtí nach féidir a thuar a bheith mar thoradh air.

2. An fhoráil lena dtugtar isteach sprioc-am éigeantach 3 seachtaine chun an ceadúnas tiomána fisiceach a eisiúint (Aithris 11).

Faoin reachtaíocht náisiúnta atá ann faoi láthair, eisítear ceadúnas tiomána sa Chróit laistigh de 30 lá sa ghnáthnós imeachta. Níl sprioc-amanna níos giorra ann ach amháin i nósanna imeachta brostaithe agus práinneacha; tá siad níos costasaí agus, dá bhrí sin, is annamh a úsáidtear iad.

Dá dtabharfaí isteach sprioc-am ceangailteach 3 seachtaine ar leibhéal an Aontais, ghiorrófaí an nós imeachta rialta atá ann cheana sa Chróit agus bheadh gá le coigeartú córasach ar phróisis riaracháin. Chruthódh sé sin ualaí breise eagraíochtúla agus airgeadais d’údaráis inniúla, mhéadódh sé costais fhoriomlána an nós imeachta, agus chuirfí na hualaí sin ar na saoránaigh ar deireadh.

Ar na cúiseanna sin, creideann an Chróit gur cheart go bhfanfadh an sprioc-am chun ceadúnais tiomána fhisiceacha a eisiúint faoi inniúlacht na mBallstát, rud a d’fhágfadh go mbeadh solúbthacht ann chun oiriúnú d’acmhainneachtaí riaracháin náisiúnta agus do struchtúir chostais.

Ós rud é nach dtugtar aghaidh go leordhóthanach sa téacs críochnaitheach ar na hábhair imní thuasluaite, ní féidir le Poblacht na Cróite tacú leis.

Tá Poblacht na Cróite tiomanta i gcónaí do chur chun feidhme an chreata reachtaigh chomhchuibhithe uile-Aontais lena n-áiritheofar forfheidhmiú na gcaighdeán sábháilteachta is airde ar bhóithre.’

**RÁITEAS Ó MHÁLTA**

‘Ba dhíol sásaimh do Mhálta na tograí ón gCoimisiún sa phacáiste um an tsábháilteacht ar bhóithre, agus aithníonn sí a thábhachtaí atá siad maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn ar fud an Aontais agus córais iompair níos sábháilte agus níos cliste a chothú. Tá na cuspóirí sin a leagtar amach sa phacáiste sin ailínithe go maith le fís agus gealltanais náisiúnta Mhálta.

Aithníonn Málta go bhfuil roinnt leasuithe cuiditheacha sa chomhréiteach críochnaitheach ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa arb é is aidhm dóibh an téacs a fheabhsú agus a neartú go suntasach, go háirithe ó thaobh na sábháilteachta ar bhóithre de.

Glactar go maith leis an tsolúbthacht atá ag na Ballstáit leanúint de shainordú a thabhairt do mheasúnuithe leighis d’iarratasóirí céaduaire ar cheadúnas tiomána agus do thiománaithe scothaosta agus a gceadúnais á n-athnuachan acu. Ina theannta sin, tacaíonn Málta leis an aois íosta a choinneáil ag 18 mbliana d’aois do chearta tiomána iomlána shealbhóirí Chatagóir B de réir Airteagal 7. Mar sin féin, níl Málta fós in ann tacaíocht chomhchosúil a thabhairt don scéim tiomána tionlactha. Cé gur díol sásaimh do Mhálta cineál deonach na scéime seo do cheadúnais Chatagóir C, tá forchoimeádais thromchúiseacha againn fós maidir lena cur i bhfeidhm éigeantach ar cheadúnas Chatagóir B, go háirithe ós rud é nach bhfuil sé sin ag teacht le réaltachtaí agus dúshláin shonracha bhonneagar bóithre Mhálta. I bhfianaise an ghréasáin bóithre theoranta agus an-uirbithe atá againn, níl ceadúnas Chatagóir B don déimeagrafach a bhfuil an scéim tiomána tionlactha dírithe air ag teacht leis an gcuspóir atá againn maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Cuirfidh an scéim sin brú breise ar ghréasáin bóithre Mhálta agus srian á chur ag an am céanna ar iarrachtaí an rialtais aistriú módach a spreagadh i measc an déimeagrafaigh chéanna sin.

Chuige sin, cé go bhfuil Málta fós lántiomanta d’fheabhas a chur ar an tsábháilteacht ar bhóithre agus dár gcuspóirí ‘fís nialais’ a bhaint amach, ní féidir linn tacú leis an gcomhaontú sealadach ar thángthas air idir an Chomhairle agus an Pharlaimint an 24 Márta 2025.’

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 8 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le cearta aerphaisinéirí**<br>*An seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh* |

**RÁITEAS ÓN EASTÓIN**

'Cuireann an Eastóin in iúl gur mór aici na hiarrachtaí móra a rinne Uachtaránacht na Polainne maidir leis an bplé a stiúradh i ndáil leis an togra le haghaidh athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 maidir le cearta aerphaisinéirí agus na hiarrachtaí a rinne sí ar mhaithe le teacht ar chomhréiteach i measc na mBallstát. Tá an Eastóin tiomanta i gcónaí rialacha soiléire simplí a bhunú lena ráthófar cúram agus cúnamh cuí do phaisinéirí. Ag an am céanna, tá sé tábhachtach cur chuige cothrom a choinneáil ar bun lena gcuirtear san áireamh oibleagáidí na n-aeriompróirí, rud a thacóidh le hinbhuanaitheacht na hearnála eitlíochta.

Áiritheofar leis an Rialachán, go príomha, go bhfaighidh paisinéirí cúram agus cúnamh iomchuí agus go mbeidh siad in ann a gceann scríbe a bhaint amach a luaithe is féidir le réasún. Tá córas cúitimh atá soiléir agus simplí fíor-riachtanach chun an mhíchaoithiúlacht a íoslaghdú le linn cur isteach ar thaisteal agus chun iompróirí a dhreasú le heitiltí a bhfuil moill orthu a oibriú seachas iad a chur ar ceal.

Le linn na caibidlíochta, moladh tairseacha moilleanna éagsúla. Tacaíonn an Eastóin le tairseach aonfhoirmeach moille de 5 uair an chloig a thabhairt isteach do gach eitilt, gan beann ar fhad an turais, faoi Airteagal 7 de Rialachán 261/2004. Seo a leanas an réasúnaíocht mhionsonraithe atá againn:

1. Dá n-úsáidfí tairseach aonair, dhéanfaí an Rialachán a shimpliú, bheadh ríomhanna na gcúiteamh níos simplí agus shoiléireofaí rialacha cúitimh do phaisinéirí.

2. Ó thaobh an phaisinéara de, tá an tionchar a bhíonn ag moilleanna ar eitiltí mar an gcéanna go bunúsach, gan beann ar fhad an turais. Dá bhrí sin, ní gá idirdhealú a dhéanamh idir tairseacha cúitimh atá bunaithe ar fhad an turais, toisc nach dtagann aon athrú ar an míchaoithiúlacht de dheasca moilleanna.

3. I bhformhór na gcásanna, is leor 5 uair an chloig do chuideachtaí aeir chun an t-eitleán a dheisiú, aerárthach eile a aimsiú nó eitiltí malartacha a chur ar fáil.

I bhfianaise na mbreithnithe sin, ní féidir linn glacadh leis an tairseach 6 uair an chloig a mhol an Uachtaránacht sa togra comhréitigh. Measann an Eastóin go mbíonn míchaoithiúlacht shuntasach ann do phaisinéirí nuair a bhíonn moilleanna 5 uair an chloig nó níos mó i gceist agus gur cheart iad a chúiteamh ina leith.

I bhfianaise thábhacht na saincheiste sin, níl an Eastóin in ann an comhaontú polaitiúil i ndáil leis an Rialachán maidir le Cearta Aerphaisinéirí a fhormhuiniú agus staonfaidh sí ón vóta, dá bhrí sin.’

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Mar a leag Ballstáit béim air le linn na díospóireachta beartais a d'eagraigh Uachtaránacht na hUngáire in 2024, is é príomhchuspóir an leasaithe ar an Rialachán maidir le cearta aerphaisinéirí, i measc nithe eile, bearta a shimpliú agus cothromaíocht a bhaint amach idir leasanna na bpaisinéirí agus leasanna an tionscail.

Ón tús, tharraing an Ungáir anuas an tsaincheist maidir le heaspa sonraí leordhóthanacha agus easpa anailís leordhóthanach lena ndearbhaítear éifeachtacht na mbeart atá beartaithe agus an chothromaíocht idir leasanna paisinéirí agus leasanna an tionscail. Léiríomar imní freisin maidir leis an oibleagáid i ndáil le cúiteamh as moilleanna a thabhairt isteach sa Rialachán gan na staidéir chúlra riachtanacha lena ndéantar anailís ar a éifeachtacht agus ar roghanna beartais éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann.

Ní chuireann an Ungáir i gcoinne cúiteamh as moilleanna a thabhairt isteach *per se*. Measaimid, áfach, go bhfuil gá le tuilleadh breithnithe chun an chothromaíocht cheart a shocrú idir leasanna an tionscail agus cosaint paisinéirí. Sin é an fáth nár thacaíomar, ag an gComhairle Iompair i mí an Mheithimh 2025, ach le tús na caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa ar choinníoll go n-ullmhaíonn an Coimisiún Eorpach anailís ina bhfuil sonraí níos mionsonraithe ná mar a fuaireamar roimhe seo don chaibidlíocht idirinstitiúideach atá ar na bacáin. De réir ár n-iarratais, ba cheart go n-áireofaí san anailís sin faisnéis atá cothrom le dáta ó phaisinéirí agus ón tionscal araon, lena ndéantar cur síos agus measúnú ar na tionchair a mheastar a bheidh ag an Rialachán.

Ní sholáthraítear leis an 'ionchur teicniúil' a chuir an Coimisiún isteach aon fhianaise chuí-réasúnaithe lena ndearbhaítear go laghdóidh an oibleagáid i ndáil le cúiteamh as moilleanna go héifeachtach líon na moilleanna eitilte agus gurb é an beart sin an beart is oiriúnaí chun an toradh sin a bhaint amach. Tagraíonn an Coimisiún go príomha do sheanstaidéir agus staidéir atá as dáta, úsáideann sé toimhdí ('moilleanna a d'fhéadfaí glacadh leis gur moilleanna iad atá inchurtha i leith aerlínte') in ionad fíorshonraí agus fíoranailíse agus ní sholáthraíonn sé sonraí faoi mhoill ach amháin le haghaidh mhí Iúil 2025, ar léir nach leor é chun feidhmiú mar bhonn d'aon bheart substainteach. Thairis sin, measann an Coimisiún go bhféadfadh na bearta aerlínte Eorpacha a chur faoi mhíbhuntáiste san iomaíocht agus aithníonn sé nach bhfuil aon sonraí ann faoi láthair maidir le tosca breise a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar iomaíochas coibhneasta. Tugann an Coimisiún dá aire freisin an t-ualach méadaitheach ar chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin. 'Glacann' sé leis go bhféadfaí an t-ualach sin a mhaolú trí imthosca urghnácha a liostú, ach go bhfuil an cás i bhfad níos casta ná sin, ós rud é nach toisc aonair is cúis le moilleanna; dá bhrí sin, ní mór imthosca urghnácha a chinneadh fós ar bhonn cás ar chás.

Agus ar ndóigh, dar linne, fágtar leis an téacs go bhfuil na bearta níos casta fós seachas níos simplí, rud a chiallaíonn go bhfuil sé an-deacair don phobal atá ag taisteal a gcearta a thuiscint.

Sa chomhthéacs sin, ba mhaith linn a chur i bhfios go láidir, arís eile, nach mbeimid in ann tacú leis an gcomhaontú atá le déanamh le Parlaimint na hEorpa mura léireofar fianaise shoiléir maidir le héifeachtacht na mbeart agus maidir le cothromaíocht a bhaint amach idir leasanna paisinéirí agus leasanna an tionscail.

Chun míniú níos mionsonraithe a fháil ar ár seasamh, féach an Iarscríbhinn.

Iarscríbhinn

**Togra 2001 ón gCoimisiún**

Ní raibh sé ar intinn ar dtús ag an gCoimisiún oibleagáid a chur ar iompróirí paisinéirí a chúiteamh as moill. Sa togra bunaidh uaidh, luaigh an Coimisiún an méid seo a leanas: 'Cé go mbraitheann paisinéirí míchaoithiúlacht agus frustrachas i gcás moilleanna cosúil leis an míchaoithiúlacht agus an frustrachas a bhraitheann siad i gcás ina ndiúltaítear cead bordála dóibh nó ina gcuirtear eitilt ar ceal, tá difríocht ann sa mhéid go bhfuil oibreoir freagrach as cead bordála a dhiúltú agus as eitilt a chur ar ceal (ach amháin ar chúiseanna nach bhfuil aon fhreagracht air ina leith) ach níl sé freagrach i gcónaí as moilleanna. Cúiseanna coitianta eile a bhíonn le moill is ea córais bainistíochta aerthráchta agus teorainneacha le hacmhainneacht an aerfoirt. Mar a luaitear sa teachtaireacht uaidh maidir le haerphaisinéirí a chosaint, measann an Coimisiún nár cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar oibreoirí paisinéirí ar cuireadh moill orthu a chúiteamh faoi láthair.'[1] (aistriúchán neamhoifigiúil)

**Cinntí ó CBAE**

Cé go gceanglaítear ar aerlínte, de réir léirmhíniú – an-chonspóideach – na Cúirte Breithiúnais, cúiteamh a thabhairt do phaisinéirí as moilleanna fada, is é ár dtuiscint nach bhfuil aon oibleagáid ann cinntí ó CBAE a chódú.

Fiú an togra ón gCoimisiún maidir le cúiteamh as moilleanna, tá sé ag imeacht ó chinneadh beacht ó CBAE.

[1] COM(2001) 784 final, i mír 23

**Easpa sonraí agus anailíse**

Ba mhaith linn a athdhearbhú nach bhfuil fianaise leordhóthanach ann faoi láthair chun tacú leis an bhfíoras go mbainfear amach an cuspóir inmhianaithe, is é sin líon na n-eitiltí a bhfuil moill orthu a laghdú, trí oibleagáid a chur ar aerlínte cúiteamh a íoc as moilleanna.

Más é an t-aon cuspóir atá le cúiteamh as moilleanna a thabhairt isteach ardleibhéal cosanta do phaisinéirí a áirithiú (agus nach é líon na n-eitiltí a bhfuil moill orthu a laghdú an cuspóir), ba cheart measúnú críochnúil a dhéanamh féachaint an bhfuil sé cothrom an t-ualach ar fad a chur ar aeriompróirí, an féidir le haeriompróirí na méideanna a íocadh a éileamh mar chúiteamh as moilleanna ó thríú páirtithe is cúis leis an moill nó a rannchuidíonn leis an moill agus an bhfuil réitigh mhalartacha inmharthana ann. Ní dhearnadh an anailís sin go dtí seo.

Sula dtabharfar isteach an oibleagáid maidir le cúiteamh as moilleanna, ba cheart imscrúdú a dhéanamh ar a mhéid athraithe atá tagtha ar na tosca a luaitear i dtogra 2001 ón gCoimisiún. Chun oibleagáid nua a thabhairt isteach sa Rialachán, is gá anailís a dhéanamh ar a éifeachtaí atá sé na cuspóirí inmhianaithe agus a thionchar ar pháirtithe leasmhara a bhaint amach.

Go sonrach, is mian linn tagairt a dhéanamh do na Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le Rialáil Níos Fearr[2] ina dtugtar le fios go mbailítear le measúnuithe tionchair fianaise (lena n-áirítear torthaí meastóireachta) chun a mheas an bhfuil údar le gníomhaíocht reachtach nó neamhreachtach an Aontais amach anseo agus, más amhlaidh go bhfuil, conas is fearr is féidir an ghníomhaíocht sin a cheapadh chun cuspóirí beartais ábhartha a bhaint amach. Ní mór dóibh an fhadhb ar gá dul i ngleic léi a shainaithint agus tuairisc a thabhairt uirthi; cuspóirí a bhunú do ghníomhaíocht an Aontais; roghanna beartas a cheapadh, measúnú a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu agus, i gcás inarb iomchuí, rogha thosaíochta a shainaithint; agus an tslí a ndéanfar faireachán agus meastóireacht ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo a leagan amach. Baineann an measúnú tionchair le fianaise a bhailiú agus a anailísiú chun tacú le ceapadh beartas. Is éard atá i gceist leis sin a fhíorú go bhfuil fadhb ann, na bunchúiseanna atá léi a shainaithint, measúnú a dhéanamh maidir lena bhfuil gá le gníomhaíocht ón Aontas, agus anailís a dhéanamh ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis na réitigh atá ar fáil.

Tá na measúnuithe sin ar chúiteamh as moilleanna in easnamh.

Tá sé beagán neamhghnách go molann an Coimisiún bearta reachtacha nua a thabhairt isteach gan na sonraí bunúsacha is gá a bhailiú agus staidéar a dhéanamh orthu.

---

[2] https://commission.europa.eu/law/law-making-process/planning-and-proposing-law/better-regulation/better-regulation-guidelines-and-toolbox_en.

**Torthaí Staidéir 2012 agus 2020 maidir le moilleanna**

Ina fhreagra ar ár n-ábhair imní, thagair an Coimisiún do staidéar 2020[3] agus do Mheasúnú Tionchair 2013[4] (atá bunaithe ar Staidéar 2012[5]), inar cuireadh i dtábhacht gur tháinig laghdú ar líon na moilleanna atá inchurtha i leith aerlínte ó 80 % go 70 % agus gur deacair anailís a dhéanamh ar éifeacht an chúitimh ar laghdú na moilleanna is inchurtha i leith aerlínte.

Dearbhaítear i Staidéar 2020 go bhfuil 'méadú suntasach tagtha ar líon foriomlán na n-eitiltí a bhfuil moill orthu le blianta beaga anuas agus go bhfuil méadú faoi dhó beagnach tagtha air idir 2014 agus 2018'[6] (aistriúchán neamhoifigiúil). Bhí an ráiteas dá dtagraíonn an Coimisiún[7] (i.e. 'Bunaithe ar na sonraí maidir le moill a chuir an Lároifig um Anailís ar Mhoilleanna ar fáil, bhí cion na moilleanna a bhí inchurtha i leith aerlínte, idir 2011 agus 2018, idir thart ar 70 % agus 80 %. Tá laghdú tagtha ar mhoill atá inchurtha i leith aerlíne ó thart ar 80 % in 2011 go dtí thart ar 70 % in 2018, rud a léiríonn méadú ar mhoilleanna arna n-aicmiú mar imthosca urghnácha – ar nós moilleanna ATC' (aistriúchán neamhoifigiúil)), ní léiríonn sé ach go bhfuil moilleanna inchurtha ón aerlíne níos ísle i gcomparáid le líon níos airde moilleanna ATC, ach ní fios ar laghdaigh siad i gcomparáid le líon moilleanna a bhí inchurtha i leith aerlíne roimhe sin. Léirítear go soiléir i bhFíor 2.6 den Staidéar seo an méadú ar mhoilleanna atá inchurtha i leith na haerlíne.

De réir an Staidéir, 'Cé go bhféadfadh tionchar beag a bheith ag Rialachán 261/2004 ar chion na n-eitiltí a bhfuil moill orthu, ní cosúil go bhfuil sé suntasach i gcomparáid le tosca eile.'[8] (aistriúchán neamhoifigiúil)

Thairis sin, dearbhaíonn sé nach bhfuil sé éasca na freagrachtaí maidir le moill a shainaithint go beacht[9] agus, de réir an staidéir, is moill atá inchurtha i leith aerlíne é gach moill nach imthosca urghnácha is cúis leo[10].

Dearbhaítear i Staidéar 2012 go bhfuil easaontas suntasach idir páirtithe leasmhara maidir le léirmhíniú imthosca urghnácha[11].

---

3 https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/f03df002-335c-11ea-ba6e-01aa75ed71a1.
4 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52013SC0062.
5 https://transport.ec.europa.eu/document/download/4d457d44-253a-4efd-810c-a55fb248f09d_en?filename=2012-07-exploratory-study-on-the-application-and-possible-revision-of-regulation-261-2004.pdf.
6 pointe 2.31.
7 pointe 2.45.
8 pointe 2.37.
9 pointe 2.46, Nóta.
10 pointe 2.43.
11 pointe 7.41.

De réir na gcostas i ndáil le cúiteamh as moilleanna, tá méadú suntasach léirithe cheana féin i Staidéar 2012[12]. I ndáil leis sin, ba mhaith linn a thabhairt faoi deara go bhféadfadh sé go raibh méadú suntasach ar fheasacht na bpaisinéirí maidir lena gceart ó 2012 i leith, rud a fhágann go raibh costais chúitimh níos airde fós ann d'aerlínte.

**Ceisteanna riachtanacha**

Dar linne, ní mór tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar na saincheisteanna seo a leanas:

1. cé acu atá nó nach bhfuil aon chineál moille ann a fhónann do leas na n-aerlínte;
2. an inmhianaithe oibleagáid a chur ar aerlínte cúiteamh a íoc as moilleanna nach leasanna tráchtála is cúis leo agus nach bhfuil siad freagrach astu, á chur san áireamh nach bhfuil na haerlínte in ann na méideanna sin a éileamh ó pháirtithe freagracha *de facto*[13];
3. an mbainfí amach an chothromaíocht idir cosaint paisinéirí agus leasanna an tionscail trí chúiteamh as moilleanna a thabhairt isteach, agus é á chur san áireamh nach féidir le haerlínte fiú na himthosca urghnácha a agairt i gcás moilleanna iarmhartacha agus gur minic a bhíonn sé deacair imthosca urghnácha a shuí i bhfianaise an iliomad tosca as a n-eascraíonn moill ar eitilt aonair[14];
4. an mbeidh táillí níos airde ann mar thoradh ar chostais chúitimh níos airde d'aerlínte, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don iomaíochas freisin;
5. an bhfuil bealach níos fearr ann chun ardchosaint tomhaltóirí a áirithiú agus leasanna an tionscail á n-urramú ag an am céanna;
6. cé acu a mhéadóidh nó nach méadóidh ualach oibre na gcomhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin.

Creidimid gur gá tuilleadh sonraí a bhailiú agus a anailísiú de bharr na mbreithnithe sin.

Ina theannta sin, tá gá le hiarrachtaí suntasacha chun an Rialachán (i.e. cearta paisinéirí) a thuiscint go héasca don phobal atá ag taisteal.

---

[12] pointe 7.53, Fíor 7.5.
[13] féach Staidéar 2012, pointí 7.113 agus 7.123.
[14] féach Staidéar 2020, pointe 2.46, Nóta.

**Moladh**

Is é ár dtuairim go bhféadfadh sé go nglacfaí Rialachán atá as ord arís mar thoradh ar leasuithe a fhormheas faoi dheifir. Dá bhrí sin, molaimid go ndéanfaí anailís chríochnúil ar na saincheisteanna a luaitear sa pháipéar seo ionas go mbeifear in ann an chothromaíocht inmhianaithe a bhunú idir cosaint paisinéirí agus leasanna an tionscail agus chun Rialachán a ghlacadh a bheidh slán i bhfad na haimsire.'

**RÁITEAS ÓN LIOTUÁIN**

'Athdhearbhaíonn an Liotuáin go dtacaíonn sí ar an iomlán le cuspóirí an togra maidir le Cearta Aerphaisinéirí agus aithníonn sí na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag Uachtaránacht na Comhairle agus ag na Ballstáit teacht ar chomhaontú maidir leis an gcomhad tábhachtach sin.

Mar sin féin, cé go n-aithnímid an dul chun cinn a rinneadh ó rinneadh an plé roimhe seo, is cúis imní don Liotuáin i gcónaí é go bhféadfadh príomheilimintí áirithe den dréacht mar atá sé faoi láthair cosaint paisinéirí a lagú i gcomparáid leis an gcreat rialála atá ann faoi láthair. Tá dúshláin fós ag baint leis na forálacha in Airteagal 7 den togra, toisc go bhféadfaidís an leibhéal cosanta do chearta paisinéirí a laghdú i gcás ina gcuirfí isteach ar eitilt nó ina gcuirfear moill uirthi ar theacht isteach di mar gheall ar athródú tar éis cur ar ceal. D'fhéadfadh amanna feithimh níos faide agus cúiteamh laghdaithe a bheith mar thoradh ar na hathruithe sin, rud a laghdódh na hionchais dhlisteanacha a bhíonn ag paisinéirí maidir le cáilíocht na seirbhíse.

Cuireann an Liotuáin i dtreis gur cheart go mbeadh simpliú agus nuachóiriú na rialacha atá ann cheana mar phríomhchuspóir ag an reachtaíocht lena gcosnaítear cearta aerphaisinéirí i gcónaí, lena n-áirithítear soiléireacht dhlíthiúil do na páirtithe uile agus cosaint chothrom agus éifeachtach á ráthú do phaisinéirí ag an am céanna. Tugaimid dár n-aire freisin go bhfuil modhanna eile ag an Aontas Eorpach chun iomaíochas a earnáil eitlíochta a chothú. Mar sin féin, ní féidir an cuspóir sin a bhaint amach chun aimhleas ceart paisinéirí.

Mar fhocal scoir, tá an Liotuáin den tuairim gurb í cosaint paisinéirí bunchloch an tionscnaimh reachtaigh seo agus nach mór di leanúint de bheith ina chroílár, chun a áirithiú go mbeidh fíorluach marthanach ag baint léi do shochaí na hEorpa.'

**RÁITEAS ÓN bPORTAINGÉIL**

'Gabhann an Phortaingéil buíochas le hUachtaránacht na Polainne agus leis na huachtaránachtaí a bhí ann roimhe seo as a gcuid oibre ar fad chun leasuithe ar an Rialachán maidir le Cearta Aerphaisinéirí a chaibidil.

D'áitigh an Phortaingéil i gcónaí nach amháin gur cheart go mbeadh sé níos éasca cearta paisinéirí a chur chun feidhme mar gheall ar aon athbhreithniú ar an Rialachán, ach thar aon ní eile gur cheart cearta paisinéirí a choinneáil ann nó a neartú, rud a chuirfeadh ar chumas paisinéirí tairbhe a bhaint as an gcosaint a bhfuil caighdeáin bunaithe aici i réigiúin eile den domhan.

I ndáil leis an méid sin, ní chomhlíonann an comhaontú polaitiúil ar vótáil an tromlach dó ionchais na bpaisinéirí, go háirithe maidir le tairseacha achair nó amanna taistil, agus tionchar suntasach aige sin ar na Ballstáit atá níos faide ó lár mhór-roinn na hEorpa agus ó na réigiúin is forimeallaí ó thaobh na tíreolaíochta de. Céim siar ó thaobh cearta paisinéirí de atá sna tairseacha formheasta agus tá an Phortaingéil ag vótáil i gcoinne an chomhaontaithe pholaitiúil.

Mar sin féin, sa chaibidlíocht a dhéanfar le Parlaimint na hEorpa ina dhiaidh sin, cuirfidh an Phortaingéil in iúl go bhfuil sí toilteanach leanúint de thacaíocht chuiditheach a thabhairt d'fheabhas substainteach ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh lena gcomhlíontar ionchais na bpáirtithe leasmhara uile, agus béim ar leith á leagan ar phaisinéirí a bhfuil a leas cosanta ag an Rialachán seo ó bhí 2004 ann.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 9 ar liosta na míreanna 'A':** | **An Dlí maidir le Faireachán Ithreach**<br>*An seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh* |

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

'Leis seo, cuireann an Ghearmáin an ráiteas seo a leanas leis na miontuairiscí maidir lena hagóid:

Is réamhriachtanas iad ithreacha sláintiúla le haghaidh an-chuid seirbhísí éiceachórais, mar shampla linnte carbóin agus scagachán agus stóráil uisce. Feidhmíonn siad freisin mar mhaolán i gcoinne éilleán, bíonn siad mar bhonn d'aiste bhia leormhaith fholláin, soláthraíonn siad bithmhais talmhaíochta agus foraoiseachta agus cruthaíonn siad fuarú nádúrtha i gceantair uirbeacha. Tá sé ríthábhachtach go gcoinneofaí sláinte ithreach, lena n-áirítear inneachar húmais agus bithéagsúlacht ithreach, agus i gcás inar féidir, is den ríthábhacht go bhfeabhsófaí an méid sin. Tá na dálaí áitiúla sna Ballstáit aonair fite fuaite sa phróiseas sin. Dar leis an nGearmáin, ní chuirtear prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta san áireamh go leordhóthanach sa togra le haghaidh an Dlí maidir le Faireachán Ithreach, mar a comhaontaíodh idir Parlaimint na hEorpa agus Uachtaránacht na Comhairle é, agus chruthófaí ualaigh bhreise agus dhéanfaí dúbláil ar struchtúir dá bharr.'

**RÁITEAS ÓN tSUALAINN**

‘Is mór ag an tSualainn go ndéantar solúbthacht agus rialú na mBallstát a choimirciú den chuid is mó leis an téacs comhréitigh deiridh. Aithníonn an tSualainn go bhfuil Airteagal 11 aistrithe go substaintiúil chun bheith i gcomhréir leis an seasamh ón tSualainn trí chomhphrionsabail bainistíochta inbhuanaithe atá ceangailteach ó thaobh dlí, chomh maith le hIarscríbhinn III, a scriosadh.

Mar sin féin, is bunábhar imní fós don tSualainn í an Treoir atá beartaithe. Creideann an tSualainn fós go dtabhóidh an togra costais bhreise i ndáil leis na tairbhí a bhaineann leis agus ní fheiceann sí breisluach soiléir a thugann údar leis an ualach riaracháin a bhaineann le comhchreat faireacháin atá ceangailteach ó thaobh dlí. Níl sé cinnte go fóill go mbeidh an creat faireacháin costéifeachtúil agus tá easpa dearbhaithe cáilíochta fianaisebhunaithe ann go mbeidh an creat atá beartaithe indéanta agus infheidhme i gceart maidir le cineálacha éagsúla ithreacha. Tá cineál trasteorann na sláinte ithreach teoranta agus tagann sí faoi scáth na hinniúlachta náisiúnta.

Is é an toradh atá ar an téacs comhréitigh deiridh Treoir atá níos gaire don seasamh ón tSualainn i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún agus is féidir leis an tSualainn, dá bhrí sin, de mheon an chomhréitigh, glacadh leis an téacs comhréitigh deiridh. Mar sin féin, leagann an tSualainn béim ar na hábhair imní a luaitear thuas, agus cuireann sí i dtábhacht nach bhfuil aon ráthaíocht ann go n-oibreoidh an creat sa chleachtas.’